Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**6781/23**

**CDR 47**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Fionlainne, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 29 Márta 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú ar dá bhun a moladh Annette BERGBO a cheapadh ina comhalta de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh í.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Annette BERGBO, mhol Rialtas na Fionlainne[2] Jesper JOSEFSSON ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Lagtingsledamot, Ålands lagting* (Comhalta de Pharlaimint Åland), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

[1] 8348/23.
[2] 6678/23.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 6780/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.